



An Bhruiséil, 26 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

14747/23

AGRILEG 254
PESTICIDE 51

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	An Coimisiún Eorpach
dáta a fuarthas:	25 Deireadh Fómhair 2023
chuig:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	D089864/3
Ábhar:	RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear larscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh deismeideafam, eitridhé-asóil, flurtamóin, prófocsaidime, défheanacúim, agus sármhanganáit photaisiam i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D089864/3.

Faoi iamh: D089864/3



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, **XXX**
PLAN/2023/946 Rev. 1
(POOL/E4/2023/946/946R1-EN.docx)
D089864/03
[...] (2023) **XXX** draft

RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an **XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE)
Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le
huasleibhéil iarmhar le haghaidh deismeideafam, eitrídhé-asóil, flurtamóin,
prófocsaidime, défheanacúim, agus sármhanganáit photaisiam i dtáirgí áirithe nó ar
tháirgí áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an **XXX**

lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh deismeideafam, eitrídhé-asóil, flurtamóin, prófocsaidime, défheanacúim, agus sármhanganáit photaisiam i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle¹, agus go háirithe Airteagal 14(1), pointe (a), Airteagal 18(1), pointe (b), agus Airteagal 49(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcás na substaintí gníomhacha deismeideafam, flurtamóin agus prófocsaidime, socraíodh uasleibhéil iarmhar ('MRLanna') in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. I gcás na substainte gníomhaí eitrídhé-asóil, socraíodh MRLanna i gCuid A d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. I gcás na substaintí gníomhacha défheanacúim agus sármhanganáit photaisiam, níor socraíodh aon MRL sonracha i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, agus toisc nach n-áirítear na substaintí gníomhacha sin in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin, tá feidhm ag an luach réamhshocráithe 0,01 mg/kg a leagtar síos in Airteagal 18(1), pointe (b), den Rialachán sin.
- (2) Chuaigh formheas na substainte gníomhaí deismeideafam in éag an 1 Iúil 2019 agus ní dhearnadh é a athnuachan². Rinneadh gach údarú le haghaidh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint gníomhach sin a chúlghairm. I gcás na substainte sin, níl aon uasteorainn iarmhar Codex (CXLanna) ná lamháltas i dtaca le hallmhairiú ann ina leith. Na MRLanna le haghaidh deismeideafam ar gach táirge, socraítear iad ag an teorainn chinnidh ('LOD'). I gcomhréir le dul chun cinn teicniúil, is féidir leibhéil

¹ IO L 70, 16.3.2005, lch. 1.

² Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1100 ón gCoimisiún an 27 Meitheamh 2019 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí deismeideafam, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 175, 28.6.2019, lch. 17).

LODanna níos ísle a bhaint amach anois. Dá bhrí sin, is iomchuí na MRLanna a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 le haghaidh deismeideafam a laghdú go dtí na LODanna a bhaineann go sonrach leis an táirge atá ann faoi láthair i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhar le hAirteagal 14(1), pointe (a) de agus iad a aistriú go hIarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir le hAirteagal 18(1), pointe (b), den Rialachán sin. Ina theannta sin, ós rud é go leagtar síos MRLanna ar gach táirge ag na LODanna a bhaineann go sonrach leis an táirge, níl gá a thuilleadh le sonraí deimhniúcháin. Dá bhrí sin, ba cheart gach fonóta ina bhfuil iarrataí ar shonraí deimhniúcháin a scriosadh.

- (3) Maidir le formheas na substainte gníomhaí eitridhé-asól, chuaigh sé in éag an 31 Bealtaine 2021 agus níor cuireadh aon iarratas isteach chun é a athnuachan. Rinneadh gach údarú le haghaidh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach sin a chúlghairm. Níl aon CLX ná lamháltas i dtaca le hallmhairiú ann le haghaidh na substainte sin. Na MRLanna a shocraítear le haghaidh na substainte sin i gCuid A d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, is iomchuí, dá bhrí sin, iad a scriosadh i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhar le hAirteagal 14(1) pointe (a) de. Ba cheart na MRLanna le haghaidh eitridhé-asóil, ar gach táirge a shocrú ag na LODanna a bhaineann go sonrach leis an táirge in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir le hAirteagal 18(1), pointe (b) den Rialachán sin.
- (4) Chuaigh formheas na substainte gníomhaí flurtamón in éag an 27 Nollaig 2018 agus ní dhearnadh é a athnuachan³. Rinneadh gach údarú le haghaidh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach sin a chúlghairm. Níl aon CLX ná lamháltas i dtaca le hallmhairiú ann le haghaidh na substainte sin. Na MRLanna le haghaidh flurtamóin ar gach táirge, socraítear iad ag na LODanna a bhaineann go sonrach leis an táirge. Na MRLanna a shocraítear le haghaidh flurtamóin in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, is iomchuí, dá bhrí sin, iad a aistriú go hIarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir le hAirteagal 18(1), pointe (b) den Rialachán sin.
- (5) Maidir le formheas na substainte gníomhaí prófocsaidim, chuaigh sé in éag an 31 Iúil 2021 agus níor cuireadh aon iarratas isteach chun é a athnuachan. Rinneadh gach údarú le haghaidh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach sin a chúlghairm. Níl aon CLX ná lamháltas i dtaca le hallmhairiú ann le haghaidh na substainte sin. Na MRLanna le haghaidh prófocsaidime ar gach táirge, socraítear iad ag na LODanna a bhaineann go sonrach leis an táirge. Na MRLanna a leagtar amach le haghaidh prófocsaidime in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, is iomchuí, dá bhrí sin, iad a aistriú go hIarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir le hAirteagal 18(1), pointe (b) den Rialachán sin.
- (6) Maidir le formheas na substainte gníomhaí défheanacúm, chuaigh sé in éag an 30 Nollaig 2019 agus níor cuireadh aon iarratas isteach chun é a athnuachan. Rinneadh

³ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1917 ón gCoimisiún an 6 Nollaig 2018 maidir le neamh-athnuachan ar fhorghnóirí na substainte gníomhaí flurtamón, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 311, 7.12.2018, lch. 27).

gach údarú le haghaidh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach sin a chúlghairm. Níl aon CLX ná lamháltas i dtaca le hallmhairiú ann le haghaidh na substainte sin. Is iomchuí, dá bhrí sin, na MRLanna le haghaidh défheanacúim ar gach táirge a shocrú ag na LODanna a bhaineann go sonrach leis an táirge in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir le hAirteagal 18(1), pointe (b) den Rialachán sin.

- (7) Ní fhormheastar an tsubstaint ghníomhach sármhanganáit photaisiam⁴. Níl aon CLX ná lamháltas i dtaca le hallmhairiú ann le haghaidh na substainte sin. Is iomchuí, dá bhrí sin, na MRLanna le haghaidh sármhanganáit photaisiam ar gach táirge a shocrú ag na LODanna a bhaineann go sonrach leis an táirge in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir le hAirteagal 18(1), pointe (b) den Rialachán sin.
- (8) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saotharlanna tagartha an Aontais Eorpaigh maidir le hiarmhair lotnaidicídí a mhéid a bhaineann leis an ngá LODanna áirithe a oiriúnú. Mhol na saotharlanna sin LODanna a bhaineann go sonrach leis an táirge agus ar féidir iad a bhaint amach go hanailíseach.
- (9) Chuathas i gcomhairle le comhpháirtithe trádála an Aontais maidir leis na MRLanna nua tríd an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, agus cuireadh na tuairimí uathu san áireamh.
- (10) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir.
- (11) Chun go mbeifear in ann margú, próiseáil agus tomhaltas táirgí a dhéanamh ar an ngnáthshlí, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le táirgí a tháirgtear san Aontas nó a allmhairítear isteach san Aontas sula mbeidh na MRLanna nua infheidhme agus ar ina leith a choinnítear leibhéal ard cosanta tomhaltóirí ar bun.
- (12) Ba cheart tréimhse réasúnta a bheith ann sula mbeidh feidhm ag na MRLanna nua ionas go mbeidh na Ballstáit, tríú tíortha agus oibreoirí gnólachtaí bia in ann iad féin a oiriúnú do na ceanglais nua a thagann as an modhnú ar na MRLanna.
- (13) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

⁴ 2008/768/CE: Cinneadh ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2008 maidir le neamháireamh *Beauveria brongniartii* agus sármhanganáit photaisiam in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE ón gComhairle agus maidir le húdaruithe le haghaidh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil na substaintí sin a tharraingt siar (IO L 263, 2.10.2008, Ich. 12).

Airteagal 2

Leanfaidh Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar a bhí sé sular leasaíodh é leis an Rialachán seo agus beidh feidhm aige maidir le táirgí a táirgeadh san Aontas nó a allmhairíodh isteach san Aontas roimh [*Oifig na bhfoilseachán: cuirtear isteach an dáta sé mhí tar éis dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*].

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón ... [*Oifig na bhfoilseachán: cuirtear isteach an dáta sé mhí tar éis dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN*